Gaisce the President's Award

2010

ANNUAL REPORT

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Clár

Teachtaireacht ón Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa **1**
Réamhrá an Chathaoirligh **2**
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh **4**
Comhaltaí Chomhairle Gaisce – Gradam an Uachtaráin **6**
Foireann Gaisce – Gradam an Uachtaráin **7**

Clár an Ghradaim á Fhorbairt **8**
Comhpháirtíochtaí 9
An Gradam i dTuaisceart Éireann 10
Tar Éis Óir 11
Go hIdirnáisiúnta 13
Gníomhaíochtaí an Ghradaim i rith na Bliana 14

Tiomsú Airgid **15**
Forbairt an Ghradaim á maoiniú agus ag tacú léi 16

An Phróifíl á Cur Chun Cinn **18**
Cur Chun Cinn an Ghradaim 19

Dearbhú Cáilíochta **21**
Iontrálaithe don Ghradam 24

Rialachas **25**
Na Cuntais 27

Sonraí Teagmhála **Clúdach cúil**

Cover image: Patrick Clarke, Stephen Cull, Rachel Rosney, Lyndsey Rankin, Mary Kenny and Miriam O'Gorman showing their Gold Awards at the 25th Anniversary year Award ceremony at Dublin Castle.

Contents

Message from President McAleese **1**
Chairman's Introduction **2**
Chief Executive's Report **4**
Members of the Council of Gaisce – The President's Award **6**
Staff of Gaisce – The President's Award **7**

Extending the Award Programme **8**
Partnerships 9
The Award in Northern Ireland 10
Tar Éis Óir 11
International 13
Award Activities During the Year 14

Fundraising **15**
Funding and Supporting the Development of the Award 16

Raising the Profile **18**
Promotion of the Award 19

Quality Assurance **21**
Entrants to the Award 24

Governance **25**
Accounts 27

Contact Information **Back cover**

Teachtaireacht ón Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa

Uachtarán na hÉireann
President of Ireland

Mary McAleese, Uachtarán na hÉireann, Patron of Gaisce

Is cúis áthais dom é tréaslú a dhéanamh le Gaisce arís as ar éirigh leo a bhaint amach in 2010. Ba mhór an phléisiúir é a bheith rannpháirteach i líon mór ceiliúrthaí agus cúig bliana fichead ó bunaíodh Gaisce á chomóradh.

Le fiche cúig bliana anuas, is cinnte gur bhain Gaisce an fhís amach a bhí ag a bhunaitheoir, an Dr. Pádraig Ó hIrighile. D'imigh na Gradaim ó neart go neart agus tá a n-áit féin acu i samhlaíocht glúin iomlán daoine óga. D'fhéadfaí líon na rannpháirtithe a bhí i gceist a chomhaireamh, líon na mbonn a bronnadh agus líon na searmanas a reáchtáladh le fiche cúig bliana anuas. Ach ní léireodh sé seo ach cuid den rath a bhí air. Bheadh sé i bhfad níos deacra comhaireamh a dhéanamh i bhfigiúirí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Gradam Gaisce ar shaol duine óg. Gach bliain cuirtear ina luí orm go mór leibhéal na ndúshlán a gcuireann daoine óga rompu agus cuirtear ina luí orm níos mó an chaoi ina n-éiríonn leo na dúshláin seo a bhaint amach. Níl a leithéid ann agus taithí tipiciúil Gaisce – tagann na rannpháirtithe ó réimse leathan de chúlraí éagsúla agus ní chuireann ach a gcuid samhlaíochta srian ar na roghanna a dhéanann siad maidir le tascanna Gaisce. Mar sin féin, tá fuinneamh, díograis agus féinmhuinín ar leith a chomhaontaíonn na daoine óga a mbronntar gradaim orthu agus a mbuailim leo gach bliain agus gabhaim buíochas leis na rannpháirtithe, Ceannairí Ghradam an Uachtaráin agus an fhoireann uile in Gaisce don obair chrua a dhéanann siad.

In 2010, chomh maith le buaileadh leis na daoine óga iontacha a fuair Gradaim Óir Gaisce ba mhór an phléisiúir dom freisin Gradaim Fiúntais Gaisce a bhronnadh agus boinn tionscnaimh an Dr. Phádraig Uí Irighle. Leis na gradaim seo ceiliúrtar tiomantas agus díograis Cheannairí Ghradam an Uachtaráin a chaith cúig bliana ar a laghad le Gaisce, agus bronnadh boinn Uí Irighle ar dhaoine a chaith bliain fichead le Gaisce nó ar dhaoine a rinne ionchur ar leith do Gaisce. Is fiú go mór é go ndéantar comóradh ar na PALanna a rinne ionchur mór agus ar líon éagsúla na ndaoine óga sa bhealach seo agus is cúis áthais í ceiliúradh a dhéanamh leo.

Agus mé anois sa bhliain deiridh mar Uachtarán, ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh agus buíochas a ghabháil le Comhairle Gaisce, leis an bhfoireann agus le gach duine a bhí rannpháirteach as an obair a rinne siad chun an méid sin daoine óga a spreagadh agus a threorú agus iad ag dul ar an turas suaithinseach d'fhéinfhionnachtain. Féadfaidh agus bíonn tionchar dearfach ar feadh an tsaoil orthu siúd a fhaigheann muinín agus scileanna le linn a gcuid taithí le Gaisce agus ba phléisiúr ollmhór é an chuid sin den taithí a roinnt agus mé ag glacadh róil mar Uachtarán.

Táim buíoch de Gaisce as an méid atá bainte amach acu agus guím gach rath ar gach duine rannpháirteach amach anseo.

Go n-éirí go geal libh.

MÁIRE MHIC GHIOLLA ÍOSA, UACHTARÁN NA hÉIREANN

Message from President McAleese

Uachtarán na hÉireann
President of Ireland

It gives me great pleasure to once again congratulate Gaisce on a very successful year in 2010. It was a great pleasure to join the many celebrations marking Gaisce's silver anniversary.

Over the past twenty five years, Gaisce has certainly done justice to the vision of its founder Dr. Patrick J. Hillery. The Awards have gone from strength to strength and have captured the imagination of an entire generation of young people. We could count the number of participants involved, the number of medals awarded and the number of ceremonies held in the past quarter of a century but that would only show part of the picture of Gaisce's remarkable success. What would be much more difficult to quantify in figures is the life changing impact that a Gaisce Award can have on the life of a young person. Each year, I am deeply impressed by the scale of the challenges that young people sign up to and even more impressed by their success in rising to these challenges. There is no such thing as a typical Gaisce experience – participants come from a broad variety of backgrounds and the choice of their Gaisce tasks is limited only by their imaginations. However, a distinct energy, enthusiasm and confidence unites the awardees that I meet each year and I thank the participants, President's Award Leaders and all the team at Gaisce for their very hard work.

In 2010, as well as meeting the ever impressive Gaisce Gold Awardees it was also my pleasure to present the Gaisce Civic Merit Awards and the inaugural Dr. Patrick J. Hillery medals. These awards celebrate the commitment and dedication of President's Award Leaders who have devoted at least five years to Gaisce, while the Hillery medals were presented to individuals who have given twenty one year's service to Gaisce or to individuals who have made an exceptional contribution to Gaisce. It is entirely right that the PALs who have made such a significant contribution to Gaisce and to countless young people are honoured in this way and it was a great joy to celebrate with them.

In this my final year as President, I take this opportunity to thank the Gaisce Council, staff and all involved for the remarkable work in inspiring and leading so many young people on their remarkable journey of self discovery. The confidence and skills gained during the Gaisce experience can and do have a life-long positive impact and it has been a real pleasure to share a part of that experience in my role as President.

I thank Gaisce for its remarkable achievements and I wish all involved every continued success into the future.

Go n-éirí go geal libh.

MARY McALEESE, PRESIDENT OF IRELAND

Réamhrá an Chathaoirligh

Is mór an onóir dom tuarascáil Bhliantúil Gaisce – Gradam an Uachtaráin – 2010 a chur faoi do bhráid. Bliain shuntasach a bhí ann do Gaisce in 2010 inar baineadh mórghníomartha amach, agus na nithe seo a leanas ina measc:

- Stampa comórtha a chuir An Post ar fáil agus clúdach an chéad lae ina raibh beannacht ón Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa ar Gaisce agus iad ag ceiliúradh a Iubhaile Cúig Bliana Fichead.
- Lainseáil Gobhanóir Bhanc Ceannais na hÉireann, An tOllamh Patrick Honohan €20 de bhoinn óir agus €10 de bhoinn airgid chun ár nIubhaile Cúig Bliana Fichead a chomóradh.
- Fóram Comhaltaí Comhairleacha ina raibh an deis ag Comhairle agus Feidhmeannas Gaisce chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-aidhmeanna le chéile agus ar an mbealach is fearr chun iad a bhaint amach.
- Áistríodh ár gceanncheathrú ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath go Teach Ráth an tSratha i bPáirc an Fhionnuisce. Rinneadh é seo go han-éifeachtach agus táimid fíorbhuíoch d'Oifig na nOibreacha Poiblí as an gcúnamh luachmhar a thug siad dúinn chun é seo a dhéanamh.
- Leanaimid ar aghaidh ag neartú an chaidrimh le heagraíochtaí a bhfuil baint acu lenár ndaoine óga ionas gur féidir linn an Gradam a leathnú amach le go mbeidh fáil níos fairsinge air agus go háirithe dóibh siúd a bhainfeadh an tairbh is mó as.
- Rinneamar Clár Taighde tábhachtach a choimisiúnú le Niamh Clarke McMahon i gcomhar le Dámh na Síceolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an éifeacht dhearfach síceolaíochta atá ag Gaisce ar a rannpháirtithe. Ba chóir go mbeadh torthaí an Taighde seo ar fáil go luath in 2013. Táimid ag súil go mbeidh sé seo mar phríomhthionchar ar an gclár amach anseo.
- Tá an bhaint atá againn le Cumann Idirnáisiúnta na nGradam den *Duke of Edinburgh* fós mar thairbhe mór dúinn. Tá an Gradam ar fáil anois in 129 tír ar fud an domhain.

Tá achoimre ar ár Ráitis Airgeadais do 2010 mar a ndearna PricewaterhouseCoopers iniúchadh orthu leagtha amach ar leathanaigh 27 agus 28. An t-ioncam iomlán don bhliain ba ea €1,097,656, laghdú €22,391 ó

Dr. Laurence Crowley, Chairman

Chairman's Introduction

I am very pleased to introduce the 2010 Annual report of Gaisce – The President's Award. The year 2010 has been a significant year for Gaisce and one of considerable achievements, amongst which I would list the following:

- The production by An Post of a commemorative stamp and first day cover with a greeting from President McAleese to Gaisce on its Silver Jubilee.
- The launching by the Governor of the Central Bank, Professor Patrick Honohan of €20 gold and €10 silver coins to mark our Silver Jubilee.
- The holding of an Advisory Members Forum at which the Council and Executive of Gaisce had the opportunity to review with them our objectives and how we can better achieve them.
- The transfer of our headquarters from Dublin Castle to Ratra House in the Phoenix Park. This was achieved in a very efficient manner and we are indebted to the Office of Public Works for their invaluable assistance in facilitating this.
- We continue to build our relationships with organisations involved with our youth so that we can spread access to the Award more widely and in particular for those who would benefit most from it.
- We have commissioned an important Research Programme with Niamh Clarke McMahon in association with the Faculty of Psychology at University College Dublin on the positive psychological effect which Gaisce has on its participants. The results of this Research should be available in early 2013. This we expect will be a key influence on the programme in future years.
- Our involvement with the Duke of Edinburgh's International Award Association continues to be of significant benefit to us. The Award is now available in 129 countries worldwide.

A summary of our Financial Statements for 2010 as audited by PricewaterhouseCoopers is set out on pages 27 and 28. Our total income for the year amounted to €1,097,656, a reduction of €22,391 on 2009. Income from Advisory Members fell by €39,500. In the current very difficult economic circumstances, the Government had been forced to

2009. Laghdaigh ioncam ó na Comhaltaí Comhairleacha faoi €39,500. Leis na himthosca eacnamaíocha deacra atá ann faoi láthair cuireadh brú ar an Rialtas an deontas a laghdú níos mó faoi €63,454. Chun na laghduithe seo a fhritháireamh bhí orainn an táille rannpháirtíochta a ardú don chéad uair in aon bhliain déag. An caiteachas iomlán don bhliain ba ea €1,090,839 ardú €16,128 ón mbliain roimhe sin. Sna himthosca a bhí romhainn ba inmholta é an barrachas €6,817. Léirigh ár gClár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2010 staid shásúil.

Maireann Gaisce ar an tacaíocht ó oibrithe deonacha agus tá líon mór díobh a thugann é dúinn. Tá suas le 1,000 Ceannaire Ghradam an Uachtaráin (PALanna) a thugann tacaíocht do gach rannpháirtí atá againn ar bhonn deonach. Gan a gcuid cúnaimh ní mhairfeadh an clár. Tá ríthábhacht leis an gcúnamh a fhaighimid ónár gComhaltaí Comhairleacha agus ó thacadóirí eile. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil lenár gComhairle a thugann a gcuid ama agus a scileanna dúinn chomh flaithiúlach sin. Agus is mian liom freisin buíochas mór a ghabháil lenár bhfoireann tiomanta faoi cheannas ár bPríomhfheidhmeannaigh Barney Callaghan agus a fhaigheann tacaíocht ónár Stiúrthóir Forbartha, John T. Murphy.

Beidh athrú mór i saol Gaisce le linn na bliana seo. An rud is tábhachtaí ná go mbeidh an dara téarma mar Uachtarán curtha i gcrích ag an Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa agus beidh sí ag éirí as mar Phátrún Gaisce. Tá buíochas ar leith le dul don Uachtarán agus don Dr. Martin Mac Giolla Íosa, agus nílim in ann na focail a aimsiú le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Gaisce chomh buíoch díobh. Bhí an t-ionchur a rinne siad chomh luachmhar sin. Spreag an bheirt agaibh sinn agus thug sibh misneach dúinn i líon mór bealaí éagsúla. Tríd an obair seo bhí tionchar mór ag an mbeirt agaibh orainn agus chuir sibh feabhas ar shaol na ndaoine óga.

Beidh téarma oifige na Comhairle reatha ag teacht chun deiridh i mbliana. Ba phríbhléid é dom a bheith ag obair le grúpa daoine a bhfuil buanna ar leith acu agus atá an-spéisiúil. Is féidir leat a bheith cinnte de go bhfuil feabhas mór ar Gaisce anois mar gheall ar na hiarrachtaí a rinne líon mór daoine agus iad chomh flaithiúlach faoi.

Dr. Laurence Crowley
Cathaoirleach
Gaisce – Gradam an Uachtaráin

further reduce the grant by €63,454. To partially offset these reductions we had to make our first increase in eleven years in participant fees. Total expenditure for the year amounted to €1,090,839 an increase of €16,128 on the previous year. In the circumstances which faced us, the achievement of having a surplus of €6,817 was a very commendable result. Our Balance Sheet at 31st December 2010 shows a satisfactory situation.

Gaisce survives on the voluntary support given to us by so many. We have up to 1,000 President's Award Leaders (PALs) who support each of our participants on a voluntary basis. Without their help the programme would collapse. The assistance of our Advisory Members and other supporters is critical to us. Can I especially thank our Council who give of their time and skills so generously. Can I also extend our great thanks to our most dedicated staff so ably led by our Chief Executive Barney Callaghan and supported by our Director of Development, John T. Murphy.

This year marks a very significant change in the life of Gaisce. By far the most important of these is that President McAleese will have completed her second term in office and so will be retiring as our Patron. I could not find words to describe adequately the enormous gratitude Gaisce owes to the President and Dr. Martin McAleese whose contributions have been so valuable. We have been inspired and encouraged in so many ways by both of you. Through this you have been key influencers in changing for the better the lives of our young people.

This year also will see the end of the current Council's term of office. It has been a privilege for me to work with such a talented and interesting group of people. You can rest assured that Gaisce is better because of the efforts of so many given so generously.



Dr. Laurence Crowley
Chairman
Gaisce – The President's Award

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an bhliain ina raibh comóradh cúig bliana fichead ag Gaisce. Le linn na buaicbhliana tábhachtaí seo chláraigh 17,262 rannpháirtí nua do na Gradaim Cré-Umha, Airgid agus Óir agus bronnadh 9,361 Gradam ag searmanais Gradaim ar fud an oileáin: 8,281 Gradam Cré-Umha, 986 Gradam Airgid agus 94 Gradam Óir. Is seo an bhliain i stair Gaisce ina raibh an leibhéal rannpháirtíochta is airde agus inar bronnadh an méid is mó Gradam. Thug líon mór daoine mór-le-rá i saol na hÉireann ar fud an oileáin a gcuid ama go flaithiúlach chun Gradaim a bhronnadh ar dhaoine óga agus aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí.

Le comóradh an Iubhaile Cúig Bliana Fichead ag An Post agus ag Banc Ceannais na hÉireann tugadh aitheantas suntasach don fhreastal cúig bliana fichead a rinneadh chun forbairt a dhéanamh ar fhorbairt phearsanta na ndaoine óga ar oileán na hÉireann. Ba dhóigh oiriúnach é an tábhacht a bhí ann chun bonn nua Uí Irighile a bhronnadh mar aitheantas ar an tseirbhís a soláthraíodh do Gaisce leis an bPátrún bunaidh an Dr. Pádraig Ó hIrighile a cheiliúradh. Le linn na bliana bhronn an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa bonn Uí Irighle ar chúigear a sholáthar an tseirbhís is faide do Gaisce.

Sa bhliain seo nuair a thug ár bPátrún tacaíocht mhór agus aitheantas suntasach do Gaisce, d'éirigh linn ardleibhéal aitheantais a bhaint amach. Bhí Alumni Gaisce, Tar Éis Óir (TÉÓ) lárnach don obair agus do na ceiliúrthaí a rinneamar i rith na bliana agus bhí líon mór ball TÉÓ, sealbhóirí Gradaim Óir agus Gradaim eile gníomhach agus iad ag tacú le Gaisce. Cosúil leis na blianta roimhe seo bhí sealbhóirí Ghradaim Gaisce rannpháirteach in imeachtaí ar fud na hEorpa agus bhí imeacht tríthaobhach i mBaile Átha Cliath agus i gCiarraí a reáchtáil TÉÓ agus ag deireadh an imeachta bhí fáiltiú inár gCeanncheathrú nua i dTeach Ráth an tSratha inar fhreastail baill den Chór Taidhleoireachta.

Agus an gaol atá againn leis an nGradam *Duke of Edinburgh* (DofE) i dTuaisceart Éireann ag fás agus ag forbairt bhí comhshearmanas Gradaim ar siúl i dTuaisceart Éireann áit ar bronnadh Gradaim DofE agus Gaisce. Thug Ard-Rúnaí Chumann Idirnáisiúnta na nGradam den *Duke of Edinburgh* cuairt ar Gaisce chomh maith le toscaireacht ó Údarás na nGradam sa Rómáin atá ag teacht chun cinn.

Táim fíorbhuíoch den tacaíocht leanúnach a thagann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ónár gcomhaltaí Comhairleacha agus ó dhaoine/ghrúpaí eile a thugann tacaíocht dúinn, atá luaite ar leathanach 16. Bhí na tionscail Rásaíocht Chapall agus Beostoc an-ghníomhach agus thug siad tacaíocht airgeadais do Gaisce agus d'éirigh leo an Gradam a chur ag feidhmiú ina dtionscail.

Barney Callaghan, Chief Executive

Chief Executive's Report

This Annual Report covers the year in which Gaisce celebrated its Silver Jubilee. In this important milestone year 17,262 new participants registered for Bronze, Silver and Gold Awards and at Award ceremonies throughout the island 9,361 Awards were presented: 8,281 Bronze, 986 Silver and 94 Gold. This marks the highest level of participation and Awards presented in any one year in Gaisce's history. Across the island many people, prominent in Irish life, generously gave of their time to present Awards to young people and acknowledge their efforts.

The marking of the Silver Jubilee by An Post and the Central Bank of Ireland was a significant recognition of a quarter of a century of service to the personal development of young people on the island of Ireland. The striking of the new Hillery medal acknowledging service to Gaisce was a fitting way to celebrate our founding Patron, Dr. Patrick J. Hillery. Five of the longest serving Gaisce people were presented with the Hillery medal by President McAleese during the year.

In a year which saw significant support and recognition from our Patron President McAleese; Gaisce's profile across Ireland reached a significant level of recognition. Gaisce's Alumni, Tar Éis Óir (TÉÓ), were central to our work and celebrations throughout the year and many TÉÓ members, Gold Award and other Award holders were active in support of Gaisce. As in previous years, Gaisce Award holders participated in international events across Europe and TÉÓ hosted a tri-lateral event in Dublin and Kerry which culminated in a reception in our newly occupied HQ at Ratra House with members of the Diplomatic Corps.

As our relationship with the Duke of Edinburgh's Award (DofE) in Northern Ireland continues to grow and develop a joint Award ceremony took place in Northern Ireland where DofE and Gaisce Awards were presented. The Secretary General of the Duke of Edinburgh's International Award Association visited Gaisce as did a delegation from the emerging Award Authority in Romania.

I gratefully acknowledge the ongoing support of the Department of Children and Youth Affairs and our Advisory members and other supporters who are highlighted on page 16. The Horseracing and Bloodstock industries were particularly proactive and successful in supporting Gaisce financially and in getting the Award operating within their industries.

Don chuid is mó den chúig bliana fichead bhí Óglaigh na hÉireann gníomhach trí thacaíocht a thabhairt do Gaisce. Ba thaithí ar leith é dúshlán an turais eachtraigh bhliantúil a d'eagraigh an 2ú Reisimint Airtléire Machaire d'fhiche naoi duine óg. Ba le brón mór a chualamar faoi bhás Leifteanantghinearál Dermot Earley – a bhí ina thacadóir mór do Gaisce. Guímid gach rath ar Leifteanantghinearál Seán McCann agus é mar Cheann Foirne d'Óglaigh na hÉireann. D'imigh Fachtna Murphy, a bhí ina thacadóir mór do Gaisce ar feadh tréimhse fada, ar scor mar Choimisinéir na nGardaí agus guímid gach rath ar Martin Callinan a tháinig ina áit.

Braitheann Gaisce, mar chlár forbartha pearsanta do dhaoine óga, go hiomlán ar an obair agus ar iarrachtaí Cheannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) a oibríonn go deonach. Táimid an-bhuíoch díobh as an ionchur suntasach a dhéanann siad agus ár sochaí á forbairt agus bhí ríméad orainn nuair a bhronn an tUachtarán Gradaim Fiúntais Cathrach ar 67 PAL in 2010. Foilsítear príomhdhoiciméid Gaisce i nGaeilge agus i mBéarla.

Bhí ár bPátrún a thugann an-spreagadh dúinn, an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa lárnach do na ceiliúrthaí Iubhaile Cúig Bliana Fichead a rinneamar agus gabhaimid buíochas ar leith léi agus lena fear céile an Dr. Martin Mac Giolla Íosa don cheannasaíocht a thaispeáin siad agus don chaoi ar fhreastail siad ar Gaisce.

Ba chóir buíochas mór a ghabháil do Choiste Gaisce, daoine a thugann a gcuid ama go deonach agus nach bhfaigheann luach saothair, as an tseirbhís a sholáthar siad do Gaisce agus ba chóir buíochas ar leith a ghabháil dár gCathaoirleach an Dr. Laurence Crowley dá cheannasaíocht agus don tacaíocht a thug siad dúinn.

Sa bhliain seo nuair a bhí dúshlán airgeadais roimh Gaisce agus an maoiniú laghdaithe arís ní mór dom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe agus cairde in Gaisce as an obair a rinne siad agus an tiomantas a léirigh siad agus ceiliúradh leo. Leis an gcaoi ar ghníomhaigh siad agus leis an mbealach ar fhreatail siad ar Gaisce bhí ardú i líon na ndaoine a chláraigh agus i líon na nGradam a bronnadh agus rinneadh é seo i mbealach a d'fhéadfaí a thomhas go héifeachtach ó thaobh costais. Sa tuarascáil seo leagtar amach mionsonraí gníomhaíochtaí Gaisce a rinneadh in 2010.

Le gach dea-mhéin

P. G. Callaghan (Barney)
Príomhfheidhmeannach
Gaisce – Gradam an Uachtaráin

The Defence Forces have been active supporters of Gaisce for most of our twenty five years. The annual adventure journey challenge so expertly organised by the 2nd Field Artillery Regiment provided an exceptional experience for twenty nine young people. It was with great sadness we saw the passing of the legendary Lt. Gen. Dermot Earley – a great supporter of Gaisce. We wish Lt. Gen. Sean McCann great success in his service as Chief of Staff of the Defence Forces. Fachtna Murphy, a longstanding and great supporter of Gaisce retired as Garda Commissioner and we wish his successor Martin Callinan great success.

Gaisce's existence as a personal development programme for young people is entirely dependent on the work and endeavours of voluntary President's Award Leaders (PALs). We acknowledge their significant contribution to the development of our society and we were delighted that the President could present 67 PALs with Civic Merit Awards in 2010. Gaisce's main documents continue to be published in Gaeilge and English.

Our inspiring Patron, President Mary McAleese was central to our Silver Jubilee celebrations and we thank her most sincerely and her husband Dr. Martin McAleese for their leadership and service to Gaisce.

The Gaisce Council, all unremunerated volunteers are deserving of significant recognition for their service to Gaisce and our Chairman Dr. Laurence Crowley is deserving of particular recognition for his leadership and support.

In a financially challenging year that saw Gaisce's funding further reduced I must acknowledge and celebrate the work and commitment of my co-workers and friends in Gaisce whose proactivity and sense of service saw an increase in registrations and Awards presented and in a measureable cost effective manner. This report outlines the details of Gaisce's activities in 2010.

Le gach dea-mhéin

P. G. Callaghan (Barney)
Chief Executive
Gaisce – The President's Award

Comhaltaí Chomhairle Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Dr. Laurence Crowley, *Cathaoirleach*

John McCormick, *Leas-Chathaoirleach, Gaisce; Comhairle Náisiúnta Óige Thuaisceart Éireann*

Niamh Clarke, *Síceolaí Sinsearach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Longfort/An Iarmhí, a d'éirigh as i mí Iúil 2010*

Brian Collinge, *Iarcheannasaí ar Phrótacal, Oifig an Taoisigh*

John Coonan, *Bainisteoir Altra Cliniciúil ar Scor agus Comhairleoir*

Gerry Costigan, *Múinteoir, Coláiste Mhuire na Trócaire, Beaumont, Baile Átha Cliath*

Ann Dunne, *Bainisteoir, Ionad Cultúrtha*

John Hurley, *Múinteoir Meánscoile ar Scor agus Ball den Seanad, Ollscoil na hÉireann*

Philip Jones, *Ceannaire Gasóige, BSc.Scoláire Rialtais, Roinn an Rialtais, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh*

Pat Larkin, *Múinteoir, Meánscoil Sheosaimh de Cluny, Cill Iníon Léinín*

Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, *Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh do Chailíní, Fionnghlas Thiar*

Sheila O'Keeffe, *Príomhoide Riaracháin Scoile, Scoil an Teaghlaigh Naofa, An Ráth, Co. Chorcaí*

Sean Rogers, *Príomhoide Scoile ar Scor agus Comhairleoir Ceantair*

Dr. Catherine Sweeney, *Poitigéir cónaithe, Boots Ireland Limited*

Members of the Council of Gaisce – The President's Award

Dr. Laurence Crowley, *Chairman*

John McCormick, *Vice-Chairman, Gaisce; Youth Council for Northern Ireland*

Niamh Clarke, *Senior Psychologist, Health Service Executive, Longford/Westmeath, resigned July 2010*

Brian Collinge, *Former Head of Protocol, Taoiseach's Office*

John Coonan, *Retired Clinical Nurse Manager and Councillor*

Gerry Costigan, *Teacher, Our Lady of Mercy College, Beaumont, Dublin*

Ann Dunne, *Manager, Cultural Centre*

John Hurley, *Retired Secondary Teacher and Member of the Senate, NUI*

Philip Jones, *Scout Leader, BSc.Government Academic, Department of Government, University College Cork*

Pat Larkin, *Teacher, St. Joseph of Cluny Secondary School, Killiney*

Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, *Home School Community Liaison Coordinator, St. Joseph's G.N.S. Finglas West, Dublin*

Sheila O'Keeffe, *Administrative School Principal, Holy Family School, Charleville, Co. Cork*

Sean Rogers, *Retired School Principal and District Councillor*

Dr. Catherine Sweeney, *Pharmacy intern, Boots Ireland Limited*

Foireann Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Barney Callaghan	*Príomhfheidhmeannach*
John T. Murphy	*Stiúrthóir Forbartha*
Margaret Murtagh	*Bainisteoir na hOifige Náisiúnta*
Marion Irwin - Gowran	*Bainisteoir Tionscadal – Comhpháirtíochtaí*
Hugh MacConville	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An tIarthar/An tIarthuaisceart*
Mary Yore	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An tOirthuaisceart*
Stephen Peers	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An Deisceart*
Ann Moore	*Feidhmeannach Oifige*
Michael Collins	*Oifigeach Forbartha Trasteorann*
Micéal Maguire	*Comhairleoir Forbartha – Tuaisceart Éireann*

Majella Killeen, the first ever Gold Award recipient, receiving the inaugural Hillery Medal, in the name of Gaisce's founding patron, Dr. Patrick J. Hillery, from President McAleese in Dublin Castle.

Staff of Gaisce – The President's Award

Barney Callaghan	*Chief Executive*
John T. Murphy	*Director of Development*
Margaret Murtagh	*National Office Manager*
Marion Irwin - Gowran	*Project Manager – Partnerships*
Hugh MacConville	*Regional Development Officer – West/North West*
Mary Yore	*Regional Development Officer – North East*
Stephen Peers	*Regional Development Officer – South*
Ann Moore	*Office Executive*
Michael Collins	*Cross Border Development Officer*
Micéal Maguire	*Development Consultant – Northern Ireland*

CUID 1

CLÁR AN GHRADAIM
Á FHORBAIRT

SECTION 1

EXTENDING THE
AWARD PROGRAMME

Comhpháirtíochtaí

Agus Gaisce i mbun an idéil le bheith ina eagraíocht ina bhfuil an obair a dhéantar lárnach d'fhorbairt daoine óga, na ceannairí a bheidh againn amach anseo, do chruthú creatlaigh shóisialta dhearfaigh agus d'fhorbairt ar shaoránacht ghníomhach tá Gaisce ag díriú ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí ar fud oileán na hÉireann. Táimid i mbun ár misean a chur i gcrích go fuinniúil "cur le forbairt gach duine óg trí dhúshláin phearsanta a bhaint amach". Le linn na bliana d'oibrigh muid díreach le grúpaí agus daoine aonair éagsúla le clár an Ghradaim a fhorbairt. I measc na n-eagraíochtaí lena bhfuil baint againn leo tá na cinn seo a leanas:

An Garda Síochána
Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann
Fondúireacht Cope
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Sraithchomórtas Sacair Chorcaí do Chailíní Scoile
Óglaigh na hÉireann
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
ECO UNESCO
Foróige
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo
Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána don Óige
Garda Síochána
Banóglaigh na hÉireann
Seirbhís Príosún na hÉireann
Cumann Croise Deirge na hÉireann
Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Ceannasaíocht Luca
Macra na Feirme
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
Ord Mhálta
Rotaract
Coláiste Phádraig, Durlas
Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Gasóga Éireann
Oilimpeacha Speisialta
Ag Trasnú Droichead, Béal Feirste
Grúpaí Lucht Siúil
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh
Grúpaí Ógtheagmhála
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Údaráis Oibriúcháin

Is eagraíochtaí iad na hÚdaráis Oibriúcháin atá in ann an Gradam a fheidhmiú faoi cheadúnas ó Gaisce agus is cuspóir straitéiseach de Gaisce í forbairt na nÚdarás Oibriúcháin. Mar chéim i dtreo an chuspóra straitéisigh sin tá comhpháirtíochtaí á bhforbairt le heagraíochtaí óige agus tá meabhráin tuisceana á n-ullmhú leis na comhpháirtíochtaí a dhéanamh go foirmiúil le Gasóga na hÉireann agus le Cumann Croise Deirge na hÉireann ar dtús.

Partnerships

In pursuit of the ideal of being an organisation whose work is central to the development of young people, future leaders, the formation of a positive social fabric and the growth of active citizenship Gaisce has a focus on developing partnerships with groups across the island of Ireland. We are pursuing with vigour our mission "to contribute to the development of all young people through the achievement of personal challenges". Throughout the year we have worked directly with many groups and individuals to extend the Award programme. Among the organisations we have a relationship with are:

An Garda Síochána
Catholic Guides of Ireland
Cope Foundation
Cork Institute of Technology
Cork Schoolgirls Soccer League
Defence Forces
Dublin Institute of Technology
Dublin City University
ECO UNESCO
Foróige
Galway/Mayo Institute of Technology
Garda Youth Diversion Projects
Garda Síochána
Irish Girl Guides
Irish Prison Service
Irish Red Cross
Irish Youth Justice Service
Letterkenny Institute of Technology
Luca Leadership
Macra na Feirme
Mary Immaculate College, Limerick
National University of Ireland Galway
National University of Ireland Maynooth
Order of Malta
Rotaract
St. Patrick's College, Thurles
St. Patrick's College, Drumcondra
Scouting Ireland
Special Olympics
Crossing the Bridges, Belfast
Traveller Groups
Trinity College Dublin
University College Cork
University College Dublin
University of Limerick
Youthreach Groups
Waterford Institute of Technology

Operating Authorities

Operating Authorities are organizations which may operate the Award under licence from Gaisce and the development of Operating Authorities is a strategic objective of Gaisce. As a step towards that strategic objective partnerships are being developed with youth organizations and memorandums of understanding are being prepared to formalize those partnerships initially with Scouting Ireland and the Irish Red Cross.

Tuaisceart Éireann

Leanann an gaol idir Gaisce – Gradam an Uachtaráin agus an Gradam *Duke of Edinburgh* ag fás agus ag forbairt de réir mhian an Uachtaráin gur chóir don dá chomhlacht Gradaim comhoibriú a dhéanamh go dlúth lena chéile. Mar fhreagra ar mhian an Uachtaráin go mbeadh a mhéad daoine óga agus is féidir in ann na deiseanna a thapú atá curtha ar fáil ag an nGradam ar fud Thuaisceart Éireann tá PALanna sna scoileanna agus eagraíochtaí óige ag obair agus tacaíocht faighte ónár nOifigigh Forbartha, ó chomhlachtaí reachtúla agus deonacha agus ónár gcomhghleacaithe in oifig an Ghradaim *Duke of Edinburgh*.

Leis an gcomhoibriú seo d'éirigh thar cionn leis an dara Comhshearmanas Bronnta Gradam a bhí ar siúl sa Chorr Chríochach, Co. Thír Eoghain ar an 10 Meán Fómhair 2010. Bhí líon mór daoine i láthair a fuair Gradaim Cré-Umha agus Airgid – bhí níos mó ná 150 duine óg i láthair in éineacht lena dtuismitheoirí agus PALanna. Ní mór dúinn buíochas a ghabháil le Keith Crossan, réalta Éireannach a d'imir rugbaí go hidirnáisiúnta, a bhí mar an t-aoichainteoir spreagúil.

Le linn na bliana seo caite mhéadaigh líon na ndaoine óga atá ag glacadh páirte ann i ngach contae i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin tá an Clár 'Ag Trasnú Droichead' ag fás go leanúnach, agus faigheann sé tacaíocht ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn. Sa chlár seo leagtar béim ar théama an Uachtaráin agus bailítear daoine óga le chéile ó thraidisiúin éagsúla agus baintear úsáid as an gComhchlár Gradaim mar bhealach le feabhas a chur ar an gcomhthuiscint agus ar mheas ar a chéile.

Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh agus comhoibriú go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa Ghradam *Duke of Edinburgh* agus déanaimid é seo agus tacaíocht agus spreagadh faighte ónár bPátrúin.

John McCormick
Leas-Chathaoirleach
Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Gerry Costigan
Ball Coiste

Sean Rogers
Ball Coiste

Northern Ireland

The relationship between Gaisce – The President's Award and the Duke of Edinburgh's Award continues to grow and strengthen in keeping with the President's wish that the two Award bodies should work in close co-operation. The President's hope that as many young people as possible might avail of the opportunities provided by the Award has been responded to across Northern Ireland by PALS in schools and youth organisations working with support from our Development Officers, statutory and voluntary bodies and our colleagues at the Duke of Edinburgh's Award office.

This co-operation ensured the success of the second Joint Award Presentation Ceremony held in Cookstown, Co. Tyrone on 10 September 2010. There was a wonderful turn out of Bronze and Silver Award recipients – more than 150 attended with their parents and PALs. Our thanks are due to Keith Crossan, a former Irish International Rugby star, who was the inspirational guest speaker.

Numbers have increased during the past year with growing levels of participation in all of the Northern counties. There has also been continued growth in the Crossing Bridges Programme, which has been supported by the International Fund for Ireland. This programme echoes the theme of the Presidency and brings together young people from different traditions and has used the Joint Award Programme as a vehicle for improving mutual understanding and respect.

It is our intention to continue to work closely with our colleagues in the Duke of Edinburgh's Award and we do this with the support and encouragement of both our Patrons.

John McCormick
Vice Chairman
Gaisce – The President's Award

Gerry Costigan
Committee Member

Sean Rogers
Committee Member

Pictured at the Joint Award ceremony in Cookstown, Co. Tyrone are Jill Irwin, Duke of Edinburgh's Award Young Ambassador, Keith Crossan, former Irish Rugby International and Gold Participant Matthew Garrity from the Sacred Heart School, Omagh.

Tar Éis Óir

Is é atá i gceist le Tar Éis Óir (TÉÓ) ná an Comhaltas do Bhuaiteoirí an Ghradaim Óir in Éirinn, atá déanta suas de bhaill dheonacha a bhain amach ceann amháin de Ghradaim Gaisce. Tá líonra sóisialta agus gairmiúil ag TÉÓ do theaghlach an Ghradaim i gcoitinne, rannpháirtithe, agus cairde den Ghradam san áireamh. Trína chuid gníomhaíochtaí spreagann TÉÓ a bhaill le tuilleadh físeanna a bheith acu, foghlaim níos mó a dhéanamh agus le bheith níos fearr...

Is iad seo a leanas aidhmeanna TÉÓ:

- Tacú le Gaisce – Gradam an Uachtaráin, le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár an Ghradaim.
- Fóram a sholáthar do bhuaiteoirí an Ghradaim lena dtuairimí a nochtadh faoi chúrsaí a bhaineann leis an nGradam le roinnt leis an gComhairle.
- Buaiteoirí an Ghradaim a spreagadh le bheith ina gceannairí ar Ghradam an Uachtaráin.
- Naisc a bhunú ar bhonn idirnáisiúnta le buaiteoirí an Ghradaim.
- Gníomhaíochtaí sóisialta agus eile a sholáthar do na baill lena bhforbairt phearsanta féin a chothú.

In 2010, d'fhorbair TÉÓ réimse a ghníomhaíochtaí, cothaíodh naisc idirnáisiúnta, leathnaíodh na féidearthachtaí agus an oiliúint amach anseo chomh maith leis na féidearthachtaí forbartha pearsanta dá bhaill, agus ag an am céanna lean sé ar aghaidh ag tacú le scéim an ghradaim in Éirinn.

I measc na mbuaicphointí le linn na bliana bhí an turas 'Discovering Ireland', tionscadal spreagúil, uileghabhálach, tríthaobhach agus pan-Eorpach a bhí faoi cheannas Tar Éis Óir i mí Iúil nuair a tháinig tuairim is 30 duine óg le chéile as an tSlóivéin, Poblacht na Seice agus Éirinn i réigiún Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Fuaireamar tacaíocht airgeadais shuntasach don tionscadal seo ó Chlár Choimisiún na hEorpa don Aos Óg i mBun Gníomhaíochta. Príomhthéamaí an tionscadail ba ea cúrsaí oideachais trí ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus trí shaoránacht Eorpach. Bunaíodh na gníomhaíochtaí uile ar na prionsabail seo. D'eascair an turas as na turais gradaim dhéthaobhacha a bhí ann roimhe seo idir an tSlóivéin, Poblacht na Seice agus Éirinn, agus is bealach é le tionscadail níos mó cosúil leis seo a chur ar bun amach anseo. Na ceannairí ar fad ba ea Ceannairí Ghradam an Uachtaráin agus Ceannairí Sléibhe i gcúrsaí oiliúna. Mar aitheantas do thábhacht agus luach na hócáide, scríobh an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa litir le heagraithe agus rannpháirtithe an tionscadail a thréaslú agus leis na hiarrachtaí grúpa agus pearsanta a rinne siad a mholadh. Chomh maith leis sin leanann Buaiteoirí Ghradam na hÉireann ar aghaidh mar ionadaithe na hÉireann ag na leibhéil is airde go hidirnáisiúnta.

Tar Éis Óir

Tar Éis Óir is the Irish Award Holders Association, made up of voluntary members who have completed one of the Gaisce Awards. TÉÓ maintains a social and professional network for the wider award family including participants and friends of the award. Through its activities, TÉÓ inspires its members to dream more, learn more, do more and become more...

TÉÓ's objectives are to:

- Support the President's Award in the further development of the Award programme.
- Provide a forum for the views of Award holders on Award related matters to be shared with Council.
- Encourage Award holders to become Award Leaders.
- Establish links with award holders internationally.
- Provide members with social and other activities for their continued personal development.

In 2010, TÉÓ expanded its scope of activity, fostered its international links, broadened horizons and future training and personal development possibilities for its members, while continuing to support the award scheme in Ireland.

Highlights of the year included the 'Discovering Ireland' expedition, an exciting, inclusive, tri-lateral, pan-European project led by Tar Éis Óir in July which brought together approximately 30 young people from Slovenia, Czech Republic and Ireland in the Killarney National Park region and for which we received significant financial support from the European Commission's Youth in Action programme. The main themes of the project were education through outdoor activities and European citizenship. All activities were rooted in these principles. The expedition was a follow-up to previous bi-lateral award expeditions between Slovenia, Czech Republic and Ireland, and is paving the way for larger scale similar projects in the future. All expedition leaders were President's Award Leaders and Mountain Leaders in training. Notably, in recognition of the importance and value of the event, President McAleese wrote a letter of congratulation to the organisers and participants of the project to commend their personal and group efforts. In addition, Irish Award Holders continue to represent Ireland at the highest levels internationally.

Ghlac baill TÉÓ páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha gairmiúla freisin, mar seo a leanas:

- Mar ionadaithe Gaisce agus ag déanamh bronntaí ag taispeántais
- Cúrsa oiliúna 'Bainistíocht Sábháilteachta Lasmuigh den Láthair' de Chumann Ríoga na Tíreolaíochta a reáchtáil
- Oiliúint i Scileanna Sléibhteoireachta
- Na caighdeáin Dea-chleachtais BS 8848 a ionchorprú i dturais agus imeachtaí oiliúna
- Tionscadail sheirbhíse pobail deonaí leanúnacha

